Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8996/24**

**EDUC 131**
**DIGIT 118**
**SOC 291**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint: nuálaíocht theicneolaíoch a chomhcheangal le hoideachas ar ardchaighdeán do chách<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoiste Oideachais, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta cúlra, atá i gceangal leis seo, a bheidh mar bhunús don díospóireacht bheartais a thionólfar ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, an 13 Bealtaine 2024.

**An intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint: nuálaíocht theicneolaíoch a chomhcheangal le hoideachas ar ardchaighdeán do chách**

*Nóta cúlra ón Uachtaránacht*

Leis na féidearthachtaí a ghabhann le méadú a bheith tagtha ar chumhacht ríomhaireachta, le hinfhaighteacht sonraí agus le dul chun cinn in algartaim, tá an intleacht shaorga (IS) ar thús cadhnaíochta i réabhlóid theicneolaíoch na linne seo. Trí fheabhas a chur ar an tuar, oibríochtaí a bharrfheabhsú agus réitigh dhigiteacha a phearsantú do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí, is féidir buntáiste iomaíoch mór a bheith ag baint le húsáid na hintleachta saorga maidir le tacú le torthaí a théann chun tairbhe na sochaí san oideachas agus san oiliúint. Ó tháinig na samhlacha giniúnacha IS ar an bhfód, tá go leor ceisteanna agus díospóireachtaí ann atá ag imirt tionchar ar thimpeallachtaí éagsúla oibre, lena n-áirítear na meáin, an t-oideachas,an oiliúint agus an taighde.

**Forbairtí agus tionscnaimh Eorpacha**

I mí na Samhna 2019, le linn Uachtaránacht na Fionlainne, d'aithin na Ballstáit acmhainneacht na hintleachta saorga le haghaidh oideachas níos cuimsithí, níos spreagúla agus níos pearsantaithe, chomh maith le hábhair imní maidir le saincheisteanna eiticiúla, cosaint sonraí agus dúshláin do ghairm na múinteoireachta[1]. D'aontaigh siad gur cheart é a bheith ina chuspóir oibriú chun an intleacht shaorga a chomhtháthú ar bhealach iontaofa freagrach san oideachas agus san oiliúint ar an leibhéal Eorpach.

[1] 13297/19.

I mí Meán Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[2]. Leagtar béim sa phlean gníomhaíochta ar an ngá atá le héiceachóras oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta a chothú agus le feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh. Fógraítear ann forbairt na d*treoirlínte Eitice maidir le húsáid na hintleachta saorga (IS) agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim d'oideoirí*[3] chun bonn láidir a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile maidir leis an úsáid a bhaineann siad as na teicneolaíochtaí sin a mhéadú ar bhealach sábháilte, tuisceanach agus eiticiúil. I mí na Samhna 2023, ghlac an Chomhairle dhá mholadh maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil[4] agus maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint[5]. Cuirtear béim faoi leith iontu ar a thábhachtaí atá sé tacú le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna agus le hinstitiúidí foghlama seachfhoirmiúla, chomh maith le múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne eile oideachais, tuiscint níos fearr a fháil ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, an intleacht shaorga mar shampla agus ar an gcaoi is féidir iad a úsáid ar bhealach muiníneach sábháilte chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.

Is éard is aidhm don dréacht-Ghníomh um an Intleacht Shaorga[6], a ghlacfar go luath, cothromaíocht a bhaint amach idir deiseanna a choinneáil ar bun don nuálaíocht agus don fhorbairt theicneolaíoch a ionchorprú, agus a áirithiú ag an am céanna go gcaomhnófar cearta bunúsacha.

---

[2] COM/2020/624 final.

[3] An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Treoirlínte eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga (IS) agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim d'oideachasóirí, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[4] Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil, IO C/2024/1115, 24.1.2024.

[5] Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint, IO C, C/2024/1030, 23.1.2024.

[6] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais (COM(2021) 206 final).

**Scileanna agus inniúlachtaí foghlaimeoirí agus múinteoirí a fheabhsú**

Tá saincheist na scileanna agus na n-inniúlachtaí digiteacha d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí ríthábhachtach. Baineann sí leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus lena cur i bhfeidhm san fhoghlaim, i gcomhthéacs gairmiúil agus, ar bhonn níos leithne, do dhaoine mar shaoránach Eorpach. Tugadh an *Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh (DigComp) 2.2*[7] cothrom le dáta i mí an Mhárta 2022 chun scileanna a bhaineann leis an intleacht shaorga a chur san áireamh, an chaoi a n-oibríonn uirlisí intleachta saorga mar shampla, idirghníomhaíochtaí idir an intleacht shaorga agus an t-úsáideoir, agus an cumas ciall a bhaint as na huirlisí sin agus a dteorainneacha a thuiscint.

**Foghlaim ar feadh an tsaoil agus an cuimsiú**

Is féidir athrú mór teacht ar na cuir chuige agus na cleachtais foghlama ar feadh an tsaoil mar gheall ar an intleacht shaorga. Cuirtear deiseanna ar fáil léi an fhoghlaim a phearsantú, foghlaimeoirí a thionlacan i gcónaí, conairí foghlama cuí a chinneadh, agus timpeallachtaí foghlama éagsúla, idirghníomhacha agus tarraingteacha a chur ar fáil: tá acmhainneacht ollmhór ag na féidearthachtaí sin ó thaobh tacú leis an bhfoghlaim agus éagothromaíochtaí sa réimse sin a chomhrac. D'fhéadfadh uirlisí intleachta saorga cabhrú le hoiliúint a chur ar dhaoine nach bhfuil ach rochtain theoranta acu ar chórais oideachais agus oiliúna thraidisiúnta agus iad a fhuascailt. Mar sin féin, más í an bhrabúsacht eacnamaíoch is cúis leis an nuálaíocht sin, tá fíorbhaol ann go leathnófar an deighilt dhigiteach: an deighilt idir foghlaimeoirí a bhfuil nó nach bhfuil rochtain acu ar uirlisí foghlama atá d'ardfheidhmíocht ach a d'fhéadfadh a bheith costasach, agus idir iad siúd a bhfuil nó nach bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí forbartha acu chun máistreacht a fháil ar na huirlisí sin. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go dteorannófar baol sin an idirdhealaithe agus an neamhionannais rochtana.

---

[7] Vuorikari, R., Kluzer, S. and Punie, Y., DigComp 2.2: *The Digital Competence Framework for Citizens – With new examples of knowledge, skills and attitudes*, [An Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh – Le samplaí nua d'eolas, de scileanna agus de dhearcthaí] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.

**Ról na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí**

Tá sé d'acmhainn ag an intleacht shaorga freisin tacú le múinteoirí agus le hoiliúnóirí maidir le foghlaim éifeachtúil atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a chur chun feidhme, trí riachtanais shonracha a chur san áireamh, trí dhifreáil oideolaíoch a chur chun cinn agus trí fhoghlaim oiriúnaitheach a fhorbairt. Mar thoradh ar úsáid fhorleathan na hintleachta saorga i dtimpeallachtaí foghlama agus sa tsochaí, is dócha go ndéanfar athmhachnamh ar chleachtais mhúinteoireachta gan an bonn a bhaint de ról an mhúinteora. Tá sé ríthábhachtach tacú le múinteoirí agus le hoiliúnóirí agus iad ag dul i dtaithí ar na teicneolaíochtaí nua sin, d'fhonn neamhshláine a sheachaint, go háirithe neamhshláine dhlíthiúil in úsáid uirlisí intleachta saorga. Ba cheart don intleacht shaorga rannchuidiú le dea-bhail múinteoirí agus oiliúnóirí trína gcleachtais a éascú, seachas gairm na múinteoireachta a dhíluacháil.

**Saincheisteanna sochaíocha agus eiticiúla**

Dúshláin nua atá ag teacht chun cinn is ea sainaithint na ndomhainbhrionnuithe, an inneachair meán arna dhéanamh ag IS mar aon leis an aschur a tháirgtear le samhlacha giniúnacha intleachta saorga. Ní leis an mbolscaireacht amháin ná le caomhnú luachanna daonlathacha a bhaineann múscailt feasacht na bhfoghlaimeoirí ar na saincheisteanna sin. Tá an bhréagaisnéis dhigiteach nó an mífhaisnéis ina bac freisin ar fhorbairt scileanna ar nós an smaointeoireacht anailíseach, an smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus an fhoghlaim neamhspleách.

**I bhfianaise na faisnéise a cuireadh i láthair, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí tuairimí a mhalartú agus taithí a roinnt maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:**

1. Conas is féidir leis na córais náisiúnta oideachais agus oiliúna iad féin a ullmhú do na dúshláin a eascraíonn as an intleacht shaorga agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil léi? An bhfuil an intleacht shaorga ag dul i bhfeidhm ar do chórais náisiúnta oideachais agus oiliúna cheana féin?

2. Cad iad na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint agus oideachas ar ardchaighdeán á áirithiú do chách ag an am céanna?